Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Creatchuraclam na Bunscoile

## Lá 2: Anois agus Amach Anseo

## Leabhrán Foghlama Gairmiúla 2026

# Príomhtheachtaireachtaí


Aithníonn *Creatcuraclam na Bunscoile* eispéiris páistí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta mar thréimhse ‘ag maireachtáil anois’ agus ‘ag éirí ina’



Tá na seacht bpríomhinniúlacht leabaithe ar fud an churaclaim chun foghlaim dhomhain na bpáistí a chothú agus chun cur lena bhforbairt iomlánaíoch.




Tá cur amach na múinteoirí ar na páistí agus ar a gcuid réamhfhoghlama, ar an oideolaíocht, agus ar an gcuraclam mar chomhpháirteanna lárnacha den fhoghlaim, den teagasc,agus den mheasúnú ar ardchaighdeán.




# Gluais Téarmaí

***Creatchuraclam na Bunscoile*** **(*CCB*):** Baineann *CCB* leis an gcreatlach den churaclam athfhorbartha a foilsíodh i mí an Mhárta 2023. Tá an creatlach mar bhonn faoi na sonraíochtaí aonair. Tá sé ríthábhachtach, ar an gcéad dul síos, go dtuigtear an *CCB* sula ndéantar plé mionsonraithe ar na sonraíochtaí aonair.

**Réimsí Curaclaim:** Cuirtear an curaclam athfhorbartha i láthair i gcúig réimse curaclaim atá leathan agus a bhfuil an creatchuraclam mar bhonn eolais fúthu. Tugtar achoimre ar na réimsí curaclaim ar leathanach 14 den doiciméid *CCB* lena n-áirítear:
**1.** Teanga **2.** Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, agus Matamaitice (ETIM)
**3.** Folláine **4.** Oideachas Ealaíon **5.** Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

**Sonraíocht:** Is ionann an tsonraíocht do gach réimse curaclaim agus an doiciméad a bhaineann le sonraí ar leith do gach réimse curaclaim den churaclam athfhorbartha. Tá an tsonraíocht éagsúil leis an tacar uirlisí. Leagtar amach sa tsonraíocht, an nasc idir an fhís agus prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe den chreatchuraclam chomh maith leis an réasúnaíocht, na haidhmeanna, na snáitheanna, aonaid na snáitheanna, gnéithe, torthaí foghlama, agus treoir ar an gcuraclam i gcleachtas.

**Tacar uirlisí:** Is tacar tacaíochtaí é tacar uirlisí do réimse curaclaim a forbraíodh agus atá á choinneáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Tá tacar uirlisí ar fáil do gach ceann de na cúig réimse curaclaim agus cuirfidh an CNCM leo de réir a chéile. Tá tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí i ngach tacar uirlisí chun eispéiris foghlama a thógáil atá fiúntach do pháistí. Tá ábhair thacaíochta, samplaí d’fhoghlaim na bpáistí agus tacaíochtaí don dul chun cinn mar chomhpháirteanna sa tacar uirlisí.

**Fís Churaclam Athfhorbartha na Bunscoile:** Ráiteas leathan maidir le cuspóir is ea an fhís a bhfuil de sprioc aici gach cuid den churaclam a chur faoi bhonn eolais agus, mar thoradh air sin, éispéiris gach linbh agus gach múinteora i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta.

**Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc, agus an Mheasúnaithe:** Sna prionsabail, cuirtear in iúl cad iad na nithe san oideachas bunscoile agus speisialta a gcuirimid luach orthu agus cad atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc, agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna scoile éagsúla agus cúinsí, eispéiris, agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh.

**Príomhinniúlachtaí:** Cuireann curaclam athfhorbartha na bunscoile le heispéiris luathfhoghlama na bpáistí sa bhaile agus sa réamhscoil agus déanann sé tuilleadh forbartha orthu. Féachann sé leis an eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí, agus na luachanna riachtanacha a thabhairt do na páistí a chuirfidh ar a gcumas iad féin a chur in oiriúint do réimse cásanna, dúshlán, agus comhthéacsanna a thacaíonn le Torthaí Foghlama níos leithne, agus déileáil leo. Cuirtear na cumais seo i láthair mar sheacht bpríomhinniúlacht a bhfuil dlúthcheangal eatarthu agus a bhaineann le céimeanna 1 go 4.

**Tréithe:** Níl sé beartaithe gur liosta uileghabhalach iad tréithe na bPríomhinniúlachtaí a chuirtear i láthair in *CCB*, ina ionad sin, déanann siad cur síos ar fhoghlaim shaintréitheach agus ar dheiseanna forbartha do pháistí laistigh de gach príomhinniúlacht a bheidh leabaithe trí Thorthaí Foghlama i sonraíochtaí an churaclaim.

**Cumas gníomhúcháin na múinteoirí:** Is é is cumas gníomhúcháin ann ná an cumas roghanna agus cinntí a dhéanamh maidir leis an ábhar atá le múineadh, le cathain a mhúintear é, agus conas an fhoghlaim a sheicheamhú (is é sin, ord a chur uirthi) agus luas na foghlama a shocrú. Áirítear leis sin cinntí maidir leis na heispéiris foghlama ar leith a chuirtear ar fáil.

**Cumas gníomhúcháin na bpáistí:** Tá páistí rannpháirteach go gníomhach ina bhfoghlaim féin agus is féidir leo a gcumas gníomhúcháin a léiriú i gcomhthéacsanna foghlama trína gcuid foghlama a gabháil chucu féin, trí bhreathnú, agus trí éirí rannpháirteach in imeachtaí a bhíonn ar siúl, nó trí thús a chur le comhráite le daoine eile.

**Na Comhpháirteanna Lárnacha den Fhoghlaim, den Teagasc, agus den Mheasúnú atá ar Ardchaighdeán:** Déanann múinteoirí cinntí lárnacha gach lá maidir le teagasc agus foghlaim ina scoil, lena n-áirítear cinntí faoi na rudaí a fhoghlaimíonn páistí, an t-ord (seiceamh) ina bhfoghlaimíonn siad, an luas faoina bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhfoghlaimíonn siad. Múnlaítear na cinntí sin le cur amach na múinteoirí ar na páistí agus a réamhfhoghlaim; a gcur amach ar an gcuraclam; agus a gcur amach ar an oideolaíocht.

**Feidhmiú:** Baineann feidhmiú leis an bpróiseas ina gcuirtear an curaclam athfhorbartha i gníomh i scoileanna. Teastaíonn sraith dhinimiciúil de choinníolacha leanúnacha le haghaidh tabhairt isteach agus fheidhmiú churaclam na bunscoile. Teastaíonn machnamh chun an feidhmiú a thabhairt chun tosaigh go diongbháilte agus go soiléir agus tá muinín as breithiúnais ghairmiúla múinteoirí. Le feidhmiú an churaclaim, aithnítear go mbíonn an curaclam á thabhairt chun beochta sna seomraí ranga ag múinteoirí, agus tuigtear go n-úsáidfear an curaclam ar bhealach solúbtha agus gur féidir comhthéacs ar leith gach scoile a chur san áireamh.

**Cur i bhfeidhm:** Téarma a úsáidtear go minic i bpolasaí oideachais agus i dtaighde oideachais chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas ina gcuirtear dearadh curaclaim i ngníomh. In sa leagan Béarla den *CCB*, úsáidtear an téarma ‘feidhmiú’ (enactment) in áit ‘cur i bhfeidhm’ (implementation), rud a léiríonn go bhfuil breithiúnas gairmiúil, oiriúnú ó thaobh comhthéacs de, agus cúinsí dinimiciúla laistigh de scoileanna i gceist.

**Toradh foghlama:** Is ráiteas é toradh foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt le haghaidh gach foghlaimeora ag deireadh tréimhse áirithe.

**Tá gluais ar fáil i gCaibidil 8 de gach sonraíocht chun tacú le tuiscint na dtéarmaí atá sainiúil don tsonraíocht sin.**



# Fís do Chreatchuraclam Athfhorbartha na Bunscoile

Tá sé mar aidhm leis an gcuraclam bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad in ann a bheith rathúil agus bláthú, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige, de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunoideachas agus an t-oideachas speisialta, agus isteach san iar-bhunoideachas. Agus é ag tógáil ar an taithí a bhí acu roimhe seo, féachtar ar pháistí sa churaclam mar dhaoine uathúla, ábalta, agus comhbhácha, agus ar mhúinteoirí mar ghairmithe tiomanta, sciliúla, agus gníomhaíocha.* Tacaíonn sé le foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán atá ionchuimsitheach agus fianaisebhunaithe agus aithníonn sé ceart gach páiste dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá gcuid foghlama agus forbartha

*Déanann múinteoir gníomhaíoch cinntí gairmiúla agus eolacha mar fhreagairt ar riachtanais foghlama na bpáistí. (*Creatchuraclam na Bunscoile*, lch 5)

## Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc, agua an Mheasúnaithe

### PRIONSABAIL NA FOGHLAMA, AN TEAGAISC, AGUS AN MHEASÚNAITHE

### COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Saibhríonn agus méadaíonn comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir scoileanna, teaghlaigh, agus pobail foghlaim na bpáistí trína saol ar scoil agus taobh amuigh di a aithint agus tacú leis.

### TIMPEALLACHTAÍ FOGHLAMA

Múnlaíonn agus cothaíonn an timpeallacht fhisiciúil foghlaim na bpáistí, taobh istigh agus taobh amuigh. Spreagann na timpeallachtaí ilghnéitheacha seo neamhspleáchas na bpáistí agus cothaíonn siad agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim trasna an churaclaim.

### OIDEACHAS IONCHUIMSITHEACH AGUS ÉAGSÚLACHT

Soláthraíonn oideachas ionchuimsitheach do chothromas deise agus rannpháirtíochta i bhfoghlaim na bpáistí. Ceiliúrann oideachas ionchuimsitheach an éagsúlacht agus freagraíonn sé d'uathúlacht gach páiste.

### OIDEOLAÍOCHT

Baineann múinteoirí úsáid as cineálacha cur chuige agus straitéisí oideolaíochta atá cuí agus bunaithe ar fhianaise chun rannpháirtíocht, úinéireacht, agus dúshlán a chothú agus iad ag ceangal le heispéiris saoil na bpáistí agus leis na rudaí a bhfuil suim acu iontu.

### GNÍOMHÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

Bíonn páistí gníomhach agus léiríonn siad a gcumas gníomhúcháin mar an cumas le gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh i dtaca lena bhfoghlaim agus ina bhfoghlaim. Tugann eispéiris churaclaim deiseanna dóibh chun cinntí a dhéanamh, a bheith cruthaitheach, agus comhoibriú a dhéanamh.

### CAIDRIMH

Tacaíonn caidrimh chomhbhácha taobh istigh de phobal na scoile le rannpháirtíocht, spreagadh, agus foghlaim na bpáistí agus bíonn tionchar dearfach acu orthu.

### AISTRITHE AGUS LEANÚNACHAS

Tógtar ar réamhfhoghlaim, ar fhéinluach, agus ar fhéiniúlacht na bpáistí agus iad ag bogadh ón mbaile go dtí an réamhscoil agus ar aghaidh go dtí na naíonáin shóisearacha, agus de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunscoil. Leagann sé sin bunchloch thábhachtach síos le haghaidh foghlama agus iad ag bogadh go dtí an iar-bhunscoil.

### MEASÚNÚ AGUS DUL CHUN CINN

Tá measúnú fiúntach comhoibríoch agus tá sé mar bhunchuid de theagasc agus d'fhoghlaim ardchaighdeáin. Bíonn páistí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus daoine eile páirteach ann. Cuireann sé eolas ar fáil a fheabhsaíonn an teagasc agus cuireann sé eolas ar fáil faoin dul chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí trasna an churaclaim agus tacaíonn sé leis an dul chun cinn céanna.

# Anois agus Amach Anseo

## Guth an Mhúinteora



## Guth an Pháiste



## A bheith i do shaoránach gníomhach

Cothaíonn an inniúlacht seo an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na dearcthaí, na luachanna, agus na meonta i bpáistí a spreagann agus a chumasaíonn iad mar shaoránaigh chun bearta dearfacha a dhéanamh chun maireachtáil go cóir, go hinbhuanaithe, agus le meas ar chearta daoine eile. Cabhraíonn sé le páistí a bhfuil ag tarlú sa domhan a cheistiú, a thuiscint, agus léirmheas a dhéanamh air i gcreat chearta an duine, cothromas, ceartas sóisialta, agus forbairt inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, ardaíonn sé feasacht ar dhúshláin dhomhanda amhail athrú aeráide, coimhlint, agus éagothroime atá ag fás. Cuireann sé cleachtais dhaonlathacha i gcroílár an phróisis foghlama. Forbraíonn an inniúlacht seo acmhainn agus spreagadh na bpáistí le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach sa tsochaí ag leibhéal áitiúil, ag leibhéal náisiúnta, agus ag leibhéal domhanda, agus cothaíonn sí a gcumas le cur go dearfach agus go comhbhách le domhan níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chruthú.

## A bheith cruthaitheach

Aithníonn an inniúlacht seo an chruthaitheacht atá i bpáistí ó nádúr. Tá fuinneamh cruthaitheach ag páistí agus teastaíonn a lán deiseanna uathu le bheith cruthaitheach. Dírítear ar ábhair spéise na bpáistí agus ar dheiseanna le haghaidh eispéiris chruthaitheacha fhiúntacha a chothú agus a chur chun cinn trí smaointe agus mothúcháin a iniúchadh, a shoiléiriú, agus a chur in iúl. Cuirtear cruthaitheacht in iúl ar a lán bealaí, i ngach réimse de ghníomhaíocht agus de chultúr an duine, agus bíonn úrmhaireacht i gceist. Bíonn foghlaimeoirí cruthaitheacha fiosrach agus samhlaíoch agus bíonn intinn oscailte acu. Trí ghníomhaíocht chruthaitheach, is féidir le páistí saothair a dhéanamh atá úrnua agus luachmhar trasna an churaclaim. De réir mar a fhorbraíonn páistí an inniúlacht seo, tagann siad ar an tuiscint go mbaineann taitneamh, iarracht, dul sa seans, smaointeoireacht chriticiúil, agus machnamh le gníomhaíocht chruthaitheach. Nuair a scaoiltear saor agus nuair a chuirtear chun cinn cumas cruthaitheach páistí, cuirtear lena spreagadh, lena bhféinmheas, agus lena bhforbairt iomlán.

## A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach

Tacaíonn an inniúlacht seo le páistí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach go fiosrach, go cruthaitheach, go muiníneach, agus go criticiúil. Nuair a bhíonn páistí ina bhfoghlaimeoirí digiteacha, cothaítear a gcumas comhoibriú agus bláthú i ndomhan atá tumtha níos mó agus níos mó sa teicneolaíocht. Forbraíonn páistí a gcuid eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna, agus meonta trí fhadhbanna a réiteach, triail a bhaint as rudaí, agus rudaí a chruthú. Méadaíonn forbairt na hinniúlachta seo a muinín maidir le raon teicneolaíochta digití a úsáid chun leas a bhaint as a samhlaíocht agus a smaointeoireacht chruthaitheach agus a léiriú cruthaitheach a leathnú. Nuair a dhéantar páistí a chumasú le bheith ina saoránaigh dhigiteacha ghníomhacha, forbraíonn an inniúlacht seo a gcumas leis an teicneolaíocht a úsáid go freagrach, le meas, go slán, agus go heiticiúil. Cuireann an inniúlacht seo ar chumas páistí páirt a ghlacadh go criticiúil i ndomhan atá ceangailte go digiteach agus atá idirspleách, agus cur leis.

## A bheith matamaiticiúil

Tacaíonn an inniúlacht seo le páistí smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus loighic a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun raon fadhbanna a réiteach. Is éard atá i gceist ná an mhuinín agus an scil a bheith acu chun an mhatamaitic a aithint agus a úsáid i ngach gné den saol. Is éard atá i gceist le bheith matamaiticiúil ná go mbíonn páistí ag tarraingt ar réimse eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna, agus meonta agus iad ag aithint faisnéis ón bhfíorshaol a chuirtear i láthair go matamaiticiúil, ag baint ciall aisti, agus á cur i bhfeidhm. Ní mór do pháistí a bheith in ann smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, le réasún, chun ciall a bhaint as sonraí, agus chun dul i ngleic go criticiúil leo, chun feasacht spásúil a bheith acu agus chun patrúin agus seichimh a thuiscint. Nuair a aithnítear deiseanna chun matamaitic a úsáid trasna an churaclaim, is féidir le páistí a gcuid eolais, scileanna, agus loighic mhatamaiticiúil a aistriú chuig réimsí curaclaim eile agus chuig an domhan mór, ag saibhriú a gcuid eispéireas.

# nniúlachtaí

## A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid


Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint na bpáistí ar a bheith ag idirghníomhú le daoine eile agus cabhraíonn sí leo taitneamh a bhaint as. Is éard atá i gceist le bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid ná a bheith in ann foirmeacha éagsúla cumarsáide a thuiscint, a léirmhíniú, agus a úsáid, lena n-áirítear geáitsíocht, cur in iúl, teanga (a bhféadfadh Béarla, Gaeilge, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus teangacha eile a bheith san áireamh inti), téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha. Ina theannta sin bíonn páistí ag cruthú agus ag cíoradh cineálacha éagsúla téacs agus iad á dhéanamh sin le cuspóir.[3] Ní mór do pháistí a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus ceangal leo, d'fhonn páirt a ghlacadh sa tsochaí níos leithne, ciall a roinnt, agus eolas nua a fhorbairt. Méadaíonn forbairt na hinniúlachta seo muinín na bpáistí maidir le raon meán agus modhanna cumarsáide a úsáid a oireann do chuspóirí agus do luchtanna féachana éagsúla. Is éard atá i gceist ná go mbíonn páistí ag foghlaim cén chaoi lena n-eispéiris, a smaointe, agus a mothúcháin a roinnt ar bhealaí éagsúla agus le foghlaim cén chaoi le tuairimí daoine eile a thabhairt faoi deara, éisteacht leo, ciall a bhaint astu, agus meas a léiriú orthu.

## A bheith slán

Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint agus léirthuiscint na bpáistí d'fholláine agus dá gcumas a bheith chomh sláintiúil agus is féidir leo - go fisiciúil, go sóisialta, go mothúchánach, agus go spioradálta. Cothaíonn sí féinghlacadh agus féinfheasacht, agus cuireann chun cinn cé chomh tábhachtach is atá sé go measann páistí go bhfuil siad féin cumasach agus seiftiúil. Tacaíonn sé sin lena gcumas déileáil le gnáthdhúshláin an tsaoil, teacht aniar a bheith iontu, agus cruthú go maith i suíomhanna agus i gcúinsí éagsúla. Cuidíonn an inniúlacht seo le páistí a bheith sláintiúil trí ghníomhaíocht fhisiciúil, bia, féinchúram, agus idirghníomhaíocht leis an dúlra. Cabhraíonn sí le páistí a bheith dearfach agus gafa lena gcuid foghlama, agus a n-uathúlacht agus a bpoitéinseal féin a aithint. Tacaíonn sí le caidrimh shláintiúla leo féin, lena bpiaraí, lena dteaghlach, agus leis an domhan mór. Aithníonn sí gné spioradálta na beatha freisin, rud a chuireann ar chumas páistí uamhan agus iontas a mhothú agus fios a bheith acu go bhfuil brí leis an mbeatha.

## A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach

Cuidíonn an inniúlacht seo le páistí feasacht orthu féin mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt. Cuireann sí chun cinn forbairt an eolais, na scileanna, na gcoincheap, na ndearcthaí, na luachanna, agus na meonta a theastaíonn le bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach gníomhaíoch ar féidir leis foghlaim go neamhspleách agus in éineacht le daoine eile. Foghlaimíonn páistí cén chaoi le cumarsáid a dhéanamh, cuspóirí foghlama pearsanta agus comhoibrithe a leagan síos, fadhbanna a réiteach, agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile a bhainistiú. Is éard atá i gceist leis an inniúlacht seo ná páistí ag foghlaim faoi dhaoine, rudaí, agus áiteanna mórthimpeall orthu agus sa domhan mór agus ag baint ciall astu. Nuair a bhíonn an inniúlacht seo á forbairt, foghlaimíonn páistí freisin lena machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama. Múscláíonn agus cothaíonn an inniúlacht seo fiosracht na bpáistí ó nádúr agus bíonn deiseanna acu le hidirghníomhú, le fiosrú, le ceisteanna a chur, agus le hiontas a dhéanamh. Tacaíonn an fhoghlaim le daoine eile agus faoi dhaoine eile le folláine na bpáistí mar go gcruthaíonn sé braistint chomhuintearais agus cheangail, agus feasacht a thógáil ar an méid uathúil atá gach páiste in ann a dhéanamh. Nuair a bhíonn páistí ag foghlaim in éineacht le daoine eile agus faoi dhaoine eile, cuirtear ar a gcumas comhbhá a fhorbairt, acmhainn thábhachtach a ligeann a n-aird a dhíriú agus a bhfuil á bhrath ag duine eile a fheiceáil agus a mhothú.





# Tréithe Gach Príomhinniúlachta

| | |
|---|---|
| A bheith i do shaoránach gníomhach | • Tuiscint a fhorbairt ar do cheartaagus do chuid freagrachtaí féin agus ar chearta agus freagrachtaí daoine eile, agus gníomhú dá réir<br>• Taithí a fháil ar fhoghlaim trí chleachtais dhaonlathacha<br>• Éagóir agus neamhionannas a aithint, chomh maith le bealaí chun gníomhú<br>• An cumas a fhorbairt roghanna a dhéanamh agus gníomhú ar son todhchaí inbhuanaithe |
| A bheith cruthaitheach | • Páirt a ghlacadh in eispéiris chruthaitheacha agus chultúrtha agus sult a bhaint astu<br>• A bheith fiosrach<br>• A bheith samhlaíoch<br>• A bheith nuálach<br>• Próisis chruthaitheacha a úsáid<br>• Bealaí éagsúla cumarsáide a fhiosrú agus a phlé |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | • Cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú le daoine eile trí mheán na teicneolaíochta digití<br>• Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun rochtain a fháil ar ábhar, anailís a dhéanamh air, agus é a bhainistiú<br>• Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cruthú ábhair, réiteach fadhbanna, agus cruthaitheacht a chumasú<br>• Idirghníomhú go heiticiúil, go criticiúil, agus go freagrach leis an teicneolaíocht dhigiteach |
| A bheith matamaiticiúil | • Tuiscint a bheith ann ar áisiúlacht agus áilleacht na matamaitice<br>• Smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go matamaiticiúil<br>• Úsáid a bhaint as an matamaitic le fadhbanna a réiteach agus le ciall a bhaint as an saol<br>• Breathnú, meastachán, tuar, agus ríomh<br>• Caidrimh, treochtaí, naisc, agus patrúin a aithint<br>• Eolas agus sonraí a léirmhíniú, a phróiseáil, agus a mheas |
| A bheith i do chumararsáidí agus teanga a úsáid | • Forbairt a dhéanamh ar thuiscint focal agus teanga agus ar an sásamh a bhaintear astu<br>• Teanga eispriseach a fhorbairt<br>• Léamh ar son taitnimh agus le tuiscint chriticiúil<br>• Scríobh chun críocha éagsúla agus le haghaidh luchtanna léitheoireachta éagsúla<br>• Téacsanna éagsúla a chruthú agus a iniúchadh |
| A bheith slán | • Tuiscint a léiriú ar conas roghanna maithe a dhéanamh i dtaobh folláine<br>• Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp le muinín agus scil atá ag dul i méid an t-am ar fad<br>• A bheith féinfheasach agus athléimneach<br>• Gníomhú go freagrach agus aire a thabhairt duit féin agus do dhaoine eile<br>• A bheith spioradálta agus cuspóir agus brí a bheith agat sa saol<br>• A bheith diongbháilte agus solúbtha agus tú ag iarraidh fadhbanna a réiteach<br>• A bheith in ann measúnú a dhéanamh ar riosa agus freagairt dó |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | • A bheith ag súgradh, foghlaim, agus obair leat féin agus le daoine eile<br>• Scileanna agus straitéisí meiteachognaíocha a fhorbairt<br>• Caidrimh dhearfacha a chothú agus a chaomhnú<br>• Déileáil le coimhlint<br>• Meas a bheith agat ar dhifríocht<br>• Foghlaim faoi dhaoine eile<br>• Aire a thabhairt do dhaoine eile agus ionbhá a bheith agat leo |

# Gníomhaíocht Míreanna Mearaí na bPríomhinniúlachtaí

| **Agus aiseolas ó na grúpaí ar siúl, déan nóta den fhoghlaim nua maidir le gach príomhinniúlacht.** | |
|---|---|
| A bheith i d’fhoghlaimeoir gníomhach | A bheith cruthaitheach |
| A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid | A bheith matamaiticiúil |
| A bheith i do shaoránach gníomhach | A bheith i d’fhoghlaimeoir digiteach |
| A bheith slán | |







# Príomhinniúlachtaí ar Obair

## Cad iad na príomhinniúlachtaí atá ar obair anseo, dar leatsa?

| Grianghraf | Príomhinniúlacht | Fáth leis an Rogha (ag tagairt do na Tréithe) |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |

# Príomhinniúlachtaí: Athmhachnamh Pearsanta

Cén fhoghlaim maidir leis na Príomhinniúlachtaí a dhéanfaidh eolas do do chleachtas as seo amach?




# Cinnteoireacht Ghairmiúil

Déan athmhachnamh ar cheacht a theagasc tú an tseachtain seo.
Cad é a theagasc tú? Cén fáth ar theagasc tú é?
Cad é mar a shocraigh tú ord agus luas na foghlama?



# Cur Amach ar na Páistí agus a gCuid Réamhfhoghlama

Áirítear le cur amach ar na páistí na páistí mar fhoghlaimeoirí agus mar bhaill de theaghlach agus de phobal.




Is féidir an t-eolas seo a dhoimhniú trí idirghníomhaíochtaí dearfacha, trí fhaisnéis ábhartha a roinnt maidir le cúlraí na bpáistí, dea-chaidrimh, agus measúnú.

Tá idirghníomhaíochtaí dearfacha ríthábhachtach chun tacú le caidrimh le páistí agus tá siad tábhachtach chun aithne a chur ar pháistí agus eolas a fháil ar a gcuid réamhfhoghlama. Aithníonn an curaclam an luach a bhaineann le réimse iomlán na n-idirghníomhaíochtaí idir an múinteoir agus na páistí – idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla agus foirmiúla, pleanáilte agus trí sheans, go sóisialta agus go cognaíoch – maidir le cur le tuiscint an mhúinteora ar an bpáiste.

Tabhair am do na páistí chun cumarsáid a dhéanamh faoina gcuid foghlama

Tacaigh le páistí chun a gcéad chéimeanna eile a aithint agus athmhachnamh a dhéanamh orthu

Cinntigh go bhfuil an measúnú fiúntach agus go dtacaíonn sé le cinnteoireacht




Páirtithe leasmhara a gcuireann an measúnú faisnéis ar fáil dóibh

## Taifeadadh ar Phríomhléargas





# Cur Amach ar na Páistí agus a gCuid Réamhfhoghlama




Mar mhúinteoir, cad é mar a chothaím idirghníomhaíochtaí dearfacha leis na páistí i mo shuíomh?

Cad iad na nóiméid sa lá scoile a thugann an deis dúinn aithne a chur ar na páistí agus chun eolas a fháil ar a gcuid réamhfhoghlama?

Cad é mar a dhéanaimid faisnéis ábhartha maidir le cúlraí na bpáistí a chomhroinnt? Cé acu prionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe a thacaíonn leis seo?

# Cur Amach ar na Páistí agus a gCuid Réamhfhoghlama: Measúnú

Cad é mar a úsáidimid an fhaisnéis a bhailítear chun cinntí a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu do pháistí?




I mo shuíomh, cad iad na deiseanna a bhíonn ag páistí chun cumarsáid a dhéanamh maidir lena gcuid foghlama agus lena ndul chun cinn?

Cad é mar a aimsímid cothromaíocht idir na trí chineál measúnachta? An bhfuil deiseanna againn do mheasúnú atá faoi stiúir na bpáistí chomh maith le measúnú atá faoi stiúir an mhúinteora inár gcleachtas?

# Cur Amach ar an Oideolaíocht

Cuireann an oideolaíocht gníomhartha, focail, agus breithiúnais múinteoirí san áireamh maidir le cad a fhoghlaimíonn páistí agus an dóigh a bhfoghlaimíonn siad iad, agus an fáth a bhfuil eispéiris ar leith tábhachtach don fhoghlaim.

Cuirtear tús le cur amach ar oideolaíocht le hoideachas tosaigh múinteoirí. Forbraítear é agus neartaítear é trí mhachnamh ar chleachtas, trí chomhráite le comhghleacaithe, agus trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Tá ullmhúchán gairmiúil, mar aon le cur amach ar an ábhar, ina ghné fhíorthábhachtach d'oideolaíocht mhúinteora agus cuimsíonn sé gnéithe dofheicthe, infheicthe, agus taifeadta.

Cuireann ullmhúchán na múinteoirí ar an timpeallacht foghlama, laistigh agus lasmuigh araon, go mór le hoideolaíocht, mar a chuireann na hacmhainní a chuirfidh deiseanna ar fáil do na páistí a bheith ag súgradh, ag taiscéalaíocht, ag fiosrú, ag baint triail as rudaí, agus ag déanamh fionnachtana. Níos tábhachtaí fós ná an timpeallacht foghlama fhisiciúil is ea atmaisféar measúil, comhbhách, agus slán a chruthú a chothaíonn foghlaim agus forbairt.

## Taifeadadh ar Phríomhléargas

Cad é mar a chruthaímid atmaisféar measúil, comhbhách agus slán a chothaíonn foghlaim agus forbairt?

Cad é mar a chuireann d'ullmhúchán ar an timpeallacht foghlama, laistigh agus lasmuigh araon, agus na hacmhainní deiseanna ar fáil do na páistí a bheith ag súgradh, ag taiscéalaíocht, ag fiosrú, ag baint triail as rudaí agus ag déanamh fionnachtana?


Cad é mar a mhúnlaím eispéiris foghlama chun na dóigheanna éagsúla a mbíonn na páistí ag foghlaim a léiriú?

# Cur amach ar an gCuraclam

Cumasaíonn cur amach na múinteoirí ar an gcuraclam (lena n-áirítear an fhís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí, na réimsí curaclaim, agus na próisis foghlama, teagaisc, agus mheasúnaithe) eispéiris foghlama ar ardchaighdeán do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart an fhoghlaim atá beartaithe do pháistí a tharraingt as curaclam bunscoile nó iar-bhunscoile atá aoisoiriúnach chun a dheimhniú go mbeidh rochtain ag na páistí ar oideachas atá ionchuimsitheach agus oiriúnach dá n-inniúlachtaí agus dá riachtanais, go mbeidh siad rannpháirteach ann, agus go mbainfidh siad tairbhe as.

Cuireann múinteoirí, a thógann ar réamhfhoghlaim na bpáistí agus a chruthaíonn dlúthchaidreamh idir an curaclam, oideolaíocht, agus measúnacht, go mór le dul chun cinn na bpáistí san fhoghlaim.





## Taifeadadh ar Phríomhléargas

Cad é mar a thacaíonn cur amach ar an gcuraclam le cleachtais ionchuimsitheacha a fhreastalaíonn ar chumais agus ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí?

Cad é mar a thacaíonn Creatchuraclam na Bunscoile le mo chleachtas?

# Cuir Chuige Coitianta Oideolaíochta





## Oideolaíocht idirphlé

Foghlaimíonn páistí trí idirphlé agus idirghníomhú. Is éard is oideolaíocht idirphlé ann ná cur chuige comhoibríoch ina dtugann páistí agus múinteoirí aghaidh ar an bhfoghlaim le chéile, ag cur smaointe agus smaointeoireacht in iúl agus á bhforbairt. Baineann sí le gach cineál cumarsáide idir páistí agus/nó idir an páiste agus an múinteoir, rud a chothaíonn timpeallacht ionchuimsitheach ina n-éistear le guth gach páiste agus ina gcuirtear luach leis. Leis an idirphlé cómhalartach sin spreagtar fiosrú ar smaointe casta, smaointeoireacht chriticiúil agus cinnteoireacht eolasach, rud a chothaíonn cumas gníomhúcháin.

Agus oideolaíocht idirphlé á húsáid, ní mór go mbeadh fócas na foghlama soiléir chun an t-idirphlé a threorú. Tógann smaointe páistí ar a chéile, rud a chruthaíonn tuiscintí nua. Sa seomra ranga, mothaíonn páistí go bhfuil sé de chumhacht acu ionchur a bheith acu ina gcuid foghlama. Le cothromaíocht idir idirphlé faoi threoir an mhúinteora agus faoi stiúir an pháiste, cumasaítear rannpháirteachas domhain, arna éascú ag ceisteanna éifeachtacha, éisteacht ghníomhach agus freagraí a bhfuil cuspóir leo.

Is féidir le múinteoirí oideolaíocht idirphlé a úsáid trí:

- thimpeallacht shábháilte a chruthú ina mothaíonn páistí muiníneach chun roghanna a phlé, chun tógáil ar a n-ionchur féin agus ar ionchur ó dhaoine eile, chun meas a léiriú do smaointe a chéile agus chun freagraí fiúntacha agus tomhaiste a thabhairt
- dheiseanna gníomhacha a thabhairt do pháistí chun comhchruthú, dul i mbun comhrá, ceisteanna a chur agus chun a gcuid oibre a léiriú agus a chur i láthair.
- cheisteanna oscailte a chur a dteastaíonn réasúnaíocht agus smaointeoireacht chriticiúil uathu, rud a éascaíonn plé comhoibríoch
- phlé a dhéanamh le páistí chun aird a tharraingt ar a n-úsáid scileanna agus chun iad a spreagadh, ar an dóigh a gcuirtear iad i bhfeidhm agus ar an dóigh ar féidir iad a fheabhsú nó a bheachtú
- ghníomhaíochtaí ciorcail a úsáid chun caidrimh a thógáil, braistint chómhuintearais a chruthú agus áit shábháilte a chur ar fáil inar féidir le páistí a dtuairimí agus a smaointe a chur in iúl
- roghanna cúramacha a dhéanamh maidir le scéalta, téacsanna, déantáin, íomhánna amhairc, fuaim agus físeáin chun éisteacht, smaointeoireacht agus plé ar thopaicí éagsúla a spreagadh




## Teagasc follasach


Le teagasc follasach cuirtear ar chumas an mhúinteora eolas, scileanna, coincheapa agus teanga nua a roinnt go soiléir le linn dóibh meonta dearfacha a eiseamláiriú ar bhealach struchtúrtha. Ba cheart céimeanna forbartha na bpáistí, a gcuid réamhfhoghlama, a gcumais agus a riachtanais a mheas leis an gcineál teagaisc seo. Trí theagasc follasach, taispeánann múinteoirí tascanna nó coincheapa ach a gcuid smaointeoireachta féin a eiseamláiriú agus a scafláil go cúramach, rud a fhágann go mbeidh an próiseas foghlama trédhearcach. Tacaítear le tuiscint na bpáistí le mínithe, samplaí agus léirithe soiléire. Le leibhéil arda d'idirghníomhú idir an múinteoir agus an páiste, cothaítear rannpháirteachas, agus le ceisteanna spreagtar na páistí le cur lena gcuid foghlama ach spéis a bheith acu inti, iad a bheith ceangailte léi agus spreagtha ina leith ag an am céanna.

Bíonn cleachtadh treoraithe agus neamhspleách ríthábhachtach. I dtosach báire, bíonn na páistí ag cleachtadh le tacaíocht agus aiseolas ón múinteoir, ansin aistríonn siad chuig gníomhaíochtaí neamhspleácha de réir a chéile chun a gcuid foghlama a neartú. Cinntíonn an múinteoir go mbíonn idirghníomhú agus rannpháirteachas fiúntach ann don uile pháiste.

Le haiseolas forbartha a thugtar in am trátha, tugtar aghaidh ar ábhair mhíthuisceana agus atreisítear réamhfhoghlaim na bpáistí, á dtreorú i dtreo foghlaim nua. Leis an gcur chuige sin, cothaítear muinín agus inniúlacht, rud a chinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoghlaim.

Is féidir le múinteoirí teagasc follasach a úsáid trí:

- thacaíocht agus aiseolas a thabhairt chun rannpháirtíocht na bpáistí a éascú mar fhoghlaimeoirí atá muiníneach, athmhachnamhach, oilte, gníomhach agus gníomhaíoch
- ghníomhaíochtaí foghlama a scafláil agus a chur in ord chun dul chun cinn na bpáistí san fhoghlaim a éascú.
- chur síos agus míniúchán a thabhairt ar scil, an comhthéacs ina mbíonn sé úsáideach agus trí eiseamláiriú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir é a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla
- smaointe atá casta nó teibí a bhriseadh síos agus a eagrú ina n-aonad foghlama atá níos soláimhsithe agus níos ionrochtana
- shoiléiriú a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh ag deireadh aonaid oibre chun tuiscint láidir ar na coincheapa a chinntiú
- fhoghlaim nua a chur in ord ar dhóigh incriminteach agus ábhar nua a léiriú le taispeántais, eiseamláiriú agus leideanna amhairc agus béil de réir mar is cuí
- fhreagairt do 'dheiseanna teagaisc' chun smaointe na bpáistí a fhiosrú, naisc a dhéanamh ina gcuid foghlama agus aird a dhíriú ar eolas agus scileanna atá tábhachtach agus ábhartha
- thaispeántas a dhéanamh ar an dóigh ar féidir focail agus frásaí nua a bhaineann le téamaí/topaicí a úsáid i gcomhthéacs, rud a thugann deiseanna don chleachtas treoraithe




## Comhtháthú

Le comhtháthú léirítear cineál idircheangailte an domhain ina maireann páistí gach lá. Cuireann sé deiseanna ar fáil chun ceangail a dhéanamh laistigh de réimsí curaclaim agus ar a bhfud. Ach dul i gcomhar le páistí chun bealaí a shainaithint lena gcuid foghlama a cheangal lena saol, cothaítear ábharthacht agus tacaítear le tuiscint níos doimhne.


Le comhtháthú baintear na teorainneacha curaclaim traidisiúnta a bhíodh ann, rud a chruthaíonn eispéiris chomhtháite foghlama. Mar shampla, le Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), déantar eolas ar an ábhar agus sealbhú teanga a thabhairt le chéile i gcomhthéacsanna fiúntacha fíorshaoil.

Ba cheart do mhúinteoirí comhtháthú a fhréamhú laistigh den churaclam ar bhealach diongbháilte trí bhíthin na bpríomhinniúlachtaí agus na dTorthaí Foghlama, ag leagan béim ar thuiscint níos doimhne, nuálaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirteachas. Féadfaidh ábhair spéise na bpáistí, téamaí trasghearrtha, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra agus fadhbanna ón bhfíorshaol a bheith ina dtúsphointí éifeachtacha.

Le comhtháthú fiosraítear topaicí ó pheirspictíochtaí iomadúla, agus déantar breithniú ar an gcaoi a chuireann príomhinniúlachtaí le tuiscint agus léirthuiscint iomlánaíoch. Déantar machnamh freisin ar an gcaoi a bhfeabhsaíonn agus a ndoimhníonn comhtháthú na hinniúlachtaí sin.

Is féidir le múinteoirí comhtháthú a úsáid trí:

- dheiseanna a thabhairt dóibh seo: fadhbréiteach, cinnteoireacht, comhoibriú, smaointeoireacht deartha, foghlaim bunaithe ar fhiosrú nó obair bunaithe ar thionscadail.
- thopaicí ón bhfíorshaol nó cúrsaí reatha a chur san áireamh chun imscrúdú a dhéanamh orthu ag díriú ar fhiosrú, ar chumarsáid a dhéanamh agus ar thuiscint a fháil agus ar naisc a dhéanamh
- chomhoibriú leis na páistí chun coincheap, smaoineamh mór nó ráiteas atá dírithe ar Oideachas Sóisialta agus Imshaoil agus é a nascadh le réimsí eile curaclaim chun aonad oibre a fhorbairt agus a chur i gcrích
- thacú le páistí chun an próiseas fiosraithe a úsáid chun fadhbanna sóisialta, eacnamaíocha agus imshaoil a fhiosrú, chomh maith lena dtionchar ar an sochaí agus na freagairtí ar na dúshláin sin ar fud réimsí curaclaim.
- tharraingt ar théamaí agus ar ábhar ó fhoghlaim níos leithne na bpáistí mar spreagadh agus iad ag obair i dtreo Torthaí Foghlama i réimsí curaclaim.




## Súgradh agus oideolaíocht spraíúil

Is luachmhar a bhíonn súgradh i gcaitheamh na hóige, agus bíonn idir cheart chun súgradh ag páistí agus fhonn súgartha ar pháistí. Bíonn súgradh agus oideolaíochtaí spraíúla oiriúnach do gach céim i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Cuimsíonn súgradh speictream ó shúgradh faoi stiúir an pháiste go gníomhaíochtaí spraíúla faoi stiúir an mhúinteora agus súgradh comhroinnte ina mbíonn múinteoirí agus páistí páirteach le chéile agus ina bhforbraíonn siad an súgradh in éindí. Is ann do dheiseanna foghlama nua a bhuí leis an gcur chuige solúbtha seo.


Le súgradh cothaítear foghlaim ghníomhach fhiúntach agus ceanglaítear faisnéis nua le heolas atá ag na páistí cheana féin. Tacaíonn sé le forbairt iomlánaíoch, lena n-áirítear fás fisiciúil, sóisialta, mothúchánach, cognaíoch agus spioradálta, agus cothaíonn sé scileanna amhail réiteach fadhbanna, cruthaitheacht agus idirghníomhú sóisialta. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama spraíúla ar aon dul le Torthaí Foghlama an churaclaim, agus le cumais, ábhair spéise, láidreachtaí agus riachtanais na bpáistí.

Le timpeallacht spraíúil, taobh istigh agus amuigh faoin aer, feabhsaítear an fhoghlaim ach a bheith idirghníomhach, tarraingteach, ionchuimsitheach agus tacúil, agus spreagtar fiosrú, féinléiriú, rogha agus foghlaim ó bhotúin.

Is féidir le múinteoirí súgradh agus oideolaíocht shúgartha a úsáid trí:


- mheon spraíúil agus fonnmhar a bheith acu i leith na foghlama agus eispéiris foghlama a aithint, i dtimpeallachtaí taobh istigh agus taobh amuigh araon, a mhúsclaíonn fiosracht nádúrtha na bpáistí agus a spreagann a samhlaíocht
- dheiseanna a thabhairt d'eispéiris atá ilchéadfach, spraíúil agus faoi stiúir na bpáistí agus a thacaíonn le foghlaim na bpáistí maidir le spreagthaigh a úsáid amhail íomhánna nó scéalaíocht chun tús a chur le plé agus tascanna atá spraíúil
- shuíomhanna a aithint inar féidir le páistí tabhairt faoi fhoghlaim theagmhálach a chuireann an intinn ar obair agus a thugann deiseanna dóibh chun rudaí a fhiosrú, a dhéanamh agus a thriail
- eispéiris foghlama a dhearadh atá spraíúil agus gníomhach i dtimpeallachtaí foghlama taobh amuigh agus taobh istigh araon a chothaíonn cruthaitheacht agus fiosracht amhail pluais a thógáil, dúshláin foirne agus siúlóidí eachtraíochta
- réimse leathan d'ábhair thadhlacha a thabhairt do na páistí chun iad a fhiosrú, dul i ngleic leo agus súgradh leo
- scéalta a úsáid mar spreagadh le haghaidh eispéiris ghluaiseachta atá samhlaíoch agus chun dearcthaí éagsúla a fhiosrú
- thosaíocht a thabhairt d'eispéiris spraíúla a chuireann luach ar an rath, lena n-áirítear feabhsú, foghlaim, iarracht agus spraoi.

# Buntreoir ar na Sonraíochtaí




## Comhpháirteanna sna Sonraíochtaí Curaclaim

| Ábhar | Cur síos |
|---|---|
| Réamhrá | Achoimre ar an mbonn fealsúnachta agus oideachais atá faoin réimse curaclaim. |
| Réasúnaíocht | Cur síos ar nádúr agus ar ról réimse an churaclaim agus na hábhair ghaolmhara i gcuraclam leathan na bunscoile. |
| Aidhmeanna | Fís don réimse curaclaim agus do na hábhair ghaolmhara a chuirtear in iúl trí shraith aidhmeanna. |
| Snáitheanna agus gnéithe | Roinnfear gach réimse curaclaim ina shnáitheanna agus déanfaidh na gnéithe cur síos ar an bhfoghlaim bhunriachtanach i ngach snáithe. |
| Torthaí Foghlama | Déanfaidh Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo ó gach páiste tar éis tréimhse ama. |
| An curaclam i gcleachtas | Treoir agus tacaíocht a dhíríonn ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán sa seomra ranga. |




## Sonraíocht don Oideachas Ealaíon

Tá spás uathúil agus tábhachtach i mbunoideachas páistí ag an *Oideachas Ealaíon*, ina gcuimsítear na hábhair Ealaín, Drámaíocht agus Ceol. Tá cultúr agus oidhreacht shaibhir, bhríomhar ag Éirinn, agus tá ról lárnach ag na healaíona i saol agus i sochaí na hÉireann. Cabhraíonn rannpháirtíocht le healaín, ceardaíocht, ceol, amhránaíocht, drámaíocht, damhsa agus foirmeacha ealaíne eile, traidisiúnta agus comhaimseartha araon, le páistí a nascadh leis an ngné thábhachtach seo den chultúr náisiúnta. Foghlaimíonn siad freisin faoi dhearcadh daoine eile, agus déanamh ealaíon i gcultúir agus i bpobail lasmuigh d’Éirinn. Tacaíonn *Oideachas Ealaíon* le forbairt agus folláine ealaíonta agus chruthaitheach páistí ar bhealach taitneamhach agus cuireann sé chun cinn iad. Tugann an réimse curaclaim seo deiseanna do pháistí smaointe agus mothúcháin a fhiosrú agus iad féin a chur in iúl go cruthaitheach trí fhoirmeacha ealaíne difriúla.




## Sonraíocht Teanga

Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* ar cheann de na cúig réimse curaclaim sa Churaclam Bunscoile. Is curaclam comhtháite é *Curaclam Teanga na Bunscoile* ina leagtar béim ar cheangail laistigh de theangacha agus ó theanga go teanga agus ina gcuirtear chun cinn foghlaim teanga ardchaighdeáin. Spreagtar ann cur chuige ilteangach i leith foghlaim agus teagasc teanga a tharraingíonn ar an eolas agus eispéiris teanga a thugann na páistí leo chuig an seomra ranga. Tá an tuiscint go mbíonn a stór teangeolaíoch féin ag gach páiste mar gheall ar a gcuid eispéireas ar fad ó rugadh iad mar bhonn leis sin.

Cuirtear i láthair i g*Curaclam Teanga na Bunscoile* an fhoghlaim teanga atá beartaithe do pháistí ar feadh ocht mbliana na bunscolaíochta. Tacaítear ann le foghlaim agus teagasc i dTeanga 1 (T1) (Gaeilge) agus i dTeanga 2 (T2) (Béarla) na scoile do Chéimeanna 1 go 4. Tugtar isteach Nuatheangacha Iasachta[1] (NTI) do Chéimeanna 3 agus 4. Ag Céim 3, díríonn NTI ar fheasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir. Daingníonn sé sin eolas reatha ar theanga(cha) agus tógtar bunchloch láidir d’fhoghlaim an tríú teanga (T3). Ag Céim 4, foghlaimíonn na páistí le cumarsáid a dhéanamh ag leibhéal an-bhunúsach go leibhéal bunúsach in T3. Tacaíonn béim leanúnach ar fheasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir leis seo..




# Sonraíocht don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)

Is comhpháirteanna lárnacha dár saol laethúil iad eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht, agus bíonn siad de shíor ag cur leis an domhan ina mairimid agus á mhúnlú. Cuireann *Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta* (*ETI*) deiseanna ar fáil do pháistí chun ár ndomhan agus níos faide i gcéin a fhiosrú, a iniúchadh agus a léirmhíniú. Foghlaimíonn páistí gur féidir fadhbanna a réiteach i bhfianaise fionnachtana nua agus dul chun cinn teicneolaíochta, rud a chumasaíonn inoiriúnaitheacht agus athruithe tapa ar an gcaoi a mairimid ar an domhan. Tacaíonn *Oideachas ETI* le páistí an t-eolas, na coincheapa, na scileanna, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a fhorbairt a bhfuil gá leo chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus chun dúshláin áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda a fhiosrú. I measc na mbuntáistí níos leithne a bhaineann leis an bhfoghlaim in *Oideachas ETI* áirítear na nithe seo a leanas: litearthacht ETIM a fhorbairt, teacht aniar a thógáil, cruthaitheacht a chothú agus an cumas páirt a ghlacadh i bhfiosrúchán agus i ndearadh faoi stiúir páistí a chothú.





# Sonraíocht don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas maidir le cur le sochaí na hÉireann atá daonlathach, cothromasach agus cóir. Tá Stair agus Tíreolaíocht mar chuid den *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*), ina n-ionchorpraítear an fhoghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha. Cuirtear ar chumas páistí, leis an bhfoghlaim sa réimse curaclaim seo, iad féin a fheiceáil mar bhaill den tsochaí a bhfuil cearta agus freagrachtaí acu, agus cumasaítear iad chun cur le cúrsaí tábhachtacha áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda. Tarlaíonn sé sin trí eispéiris foghlama shaibhre atá ionchuimsitheach agus freagrúil, a bhfuil páistí ag a gcroílár.


# Sonraíocht na Folláine

I sonraíocht na *Folláine* cuimsítear dhá ábhar: An Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Leagtar béim inti ar ghnéithe fisiciúla, sóisialta, caidreamhacha, mothúchánacha agus spioradálta na folláine, gnéithe atá idirnasctha, ag díriú ar eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a fhorbairt, rudaí atá bunriachtanach le haghaidh fás agus forbairt fhoriomlán páistí. Sa Chorpoideachas, trí mheán na gluaiseachta, forbraíonn páistí a n-inniúlacht gluaiseachta agus a dtuiscint, le linn iompar agus dearcthaí dearfacha a chothú lena spreagtar nós maireachtála gníomhach agus sláintiúil.





Trí OSPS cuirfear spás ar fáil do pháistí chun a n-idirghníomhaíochtaí sóisialta a fheabhsú, forbairt phearsanta a chothú agus an t-eolas sláinte atá acu a leathnú. Le fócas ar fhorbairt inphearsanta agus idirphearsanta, déantar féinfheasacht a chur chun cinn leis, cothaítear caidrimh shláintiúla agus cumhachtaítear páistí chun bheith ina saoránaigh ghníomhacha a thuigeann a gcearta agus a bhfreagrachtaí. I dteannta a chéile, tá an Corpoideachas agus OSPS ina dtaca ag páistí chun tuiscint iomlánaíoch a fhorbairt ar fholláine, rud a chuidíonn leo saolta gníomhacha, sláintiúla agus sásúla a bheith acu san am i láthair agus san am atá ag teacht.

# Buntreoir ar na Sonraíochtaí: Príomhfhoghlaim
















# Leithdháiltí Ama
## Íos-Am Curaclaim Molta

### Na hEalaíona

| | |
|---|---|
| **Céim 1 & 2** | 9 n-uair an chloig in aghaidh na míosa |
| **Céim 3 & 4** | 8 n-uair an chloig in aghaidh na míosa |

### Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | 6 uair an chloig in aghaidh na míosa |
| **Céim 2** | 9 n-uair an chloig in aghaidh na míosa |
| **Céim 3 & 4** | 8 n-uair an chloig in aghaidh na míosa |

### Folláine

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | 2 uair 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine |
| **Céim 2,3 & 4** | 3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine |

**Moltar go n-úsáideann scoileanna cóimheas 2:1, ag dáileadh níos mó ama don Chorpoideachas in ionad OSPS**

### ETIM
### ETI

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | 3 uair 20 nóiméad in aghaidh na míosa |
| **Céim 2** | 4 uair an chloig in aghaidh na míosa |
| **Céim 3 & 4** | 5 uair an chloig in aghaidh na míosa |

**Féach san Aguisín: Leithdháilí Ama Molta (*CCB*, lch 38)**

### Matamaitic

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | 3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine |
| **Céim 2-4** | 4 uair an chloig in aghaidh na seachtaine |

### Teanga

| | | |
|---|---|---|
| **Céim 1** | 5 uair 45 nóiméad in aghaidh na seachtaine | **T1:** 3 uair 15 nóiméad<br>**T2:** 2 uair 30 nóiméad |
| **Céim 2** | 7 n-uair 45 nóiméad in aghaidh na seachtaine | **T1:** 4 uair 45 nóiméad<br>**T2:** 3 uair |
| **Céim 3 & 4** | 7 n-uair 45 nóiméad in aghaidh na seachtaine | **T1:** 3 uair 45 nóiméad<br>**T2:** 3 uair<br>NTI: 1 uair |

### Am Solúbtha

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Céim 1** | Suas le 5 uair an chloig in aghaidh na míosa | **Céim 2** | Suas le 6 uair in aghaidh na míosa | **Céim 3 & 4** | Suas le 7 n-uair in aghaidh na míosa |

# Curaclam Athforbartha na Bunscoile a Fheidhmiú

| Scoilbhliain | An Réimse Curaclaim a nDíreofar air (Bliain 1 dá Chur i bhFeidhm) | An Réimse Curaclaim a nDíreofar air (Bliain 2 dá Chur i bhFeidhm) | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **2026/2027** | Réimse Curaclaim 1: | | Roghnaítear an chéad réimse curaclaim.<br><br>Cuirtear tús le feidhmiú dhá bhliain. |
| **2027/2028** | Réimse Curaclaim 2: | Réimse Curaclaim 1: | Roghnaítear an dara réimse curaclaim.<br><br>Oibrítear ar réimsí 1 agus 2 ag an aon am amháin |
| **2028/2029**<br><br>(Ní mór tús a bheith curtha le feidhmiú na sonraíochta Folláine) | Réimse Curaclaim 3: | Réimse Curaclaim 2: | Roghnaítear an tríú réimse curaclaim.<br><br>Oibrítear ar réimsí 2 agus 3 ag an aon am amháin. |
| **2029/2030** | Réimse Curaclaim 4: | Réimse Curaclaim 3: | Roghnaítear an ceathrú réimse curaclaim.<br><br>Oibrítear ar réimsí 3 agus 4 ag an aon am amháin. |
| **2030/2031** | Réimse Curaclaim 5: | Réimse Curaclaim 4: | Roghnaítear an cúigiú réimse curaclaim.<br><br>Oibrítear ar réimsí 4 agus 5 ag an aon am amháin. |
| **2031/2032** | | Réimse Curaclaim 5: | Beidh gach réimse i bhfeidhm ina n-iomláine faoin scoilbhliain 2031/2032. |
| **2032/2033** | | | Más rud é go roghnóidh scoileanna bliain daingnithe a thógáil, fágfaidh sé sin go mbeidh gach réimse curaclaim i bhfeidhm ina n-iomláine faoin scoilbhliain 2032/2033. |

3

rud a d'fhoghlaim mé

2

rud a bhfuil mé fiosrach fúthú

1

rud ba mhaith liom a fhiosrú a thuilleadh

## Na Chéad Chéimeanna Eile Féideartha Dom

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers